Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13847/22**

**INST 387**
**POLGEN 137**
**AG 129**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 548 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Clár oibre an Choimisiúin 2023<br>Aontas daingean aontaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 548 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 548 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 18.10.2022
COM(2022) 548 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Clár oibre an Choimisiúin 2023**

**Aontas daingean aontaithe**

GA GA

## 1. <u>Aontas daingean aontaithe</u>

*'Tá an mhór-roinn iomlán ag seasamh le chéile gualainn ar ghualainn… ní dheachaigh muintir na hEorpa i bhfolach agus ní dhearna siad moill.' Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Ursula von der Leyen, Aitheasc ar Staid an Aontais Eorpaigh, an 14 Meán Fómhair 2022.*

Le bliain anuas, tá an Eoraip ag dul i ngleic le rabharta géarchéimeanna. De dheasca ionradh brúidiúil na Rúise ar an Úcráin, tá uafás an chogaidh le brath arís san Eoraip. De réir mar atá an ráta báis coscrach agus réabadh na tíre ag dul i méid, is amhlaidh a bhraitear iarmhairtí na coimhlinte ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain. De dheasca na ngéarchéimeanna fuinnimh atá ann dá thoradh sin, tá méadú ag teacht ar an gcostas maireachtála a bhí ag dul i méid cheana féin, rud atá ag cur isteach ar théarnamh láidir na hEorpa tar éis na paindéime. An tráth céanna, tá dúshláin nua roimh an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, rud a chuireann béim ar an ngá atá le haontacht agus le comhar lenár gcomhpháirtithe agus le hinfheistíocht agus for-rochtain taidhleoireachta le tíortha ar fud an domhain.

Is iad na himthosca ar leith sin cúlra chlár oibre an Choimisiúin i mbliana. Tá trí réaltacht chomhlántacha ann atá ina mbunús don chlár. Is é an chéad cheann nach féidir dul i ngleic le **dúshláin chomh mór sin ach i dteannta a chéile, mar aon Aontas amháin**. Agus tá sé curtha in iúl arís agus arís eile ag an Eoraip go mbeidh sí inchurtha leis an ócáid, bíodh sin maidir le vacsaíní, leis an téarnamh eacnamaíoch, le smachtbhannaí nó le tacaíocht don Úcráin. I ngach cás, léirigh an Eoraip an méid is féidir léi a bhaint amach, a uaillmhianaí is féidir léi freagairt, agus a thapa is féidir léi gníomhú nuair a bhíonn cuspóir coiteann agus cur chuige aontaithe ann. Caithfidh an méid sin a bheith ina phríomhspreagadh don obair a dhéanfaimid sa bhliain amach romhainn.

Is é an dara fírinne go gcuireann na géarchéimeanna sin i dtreis an gá atá ann go leanfaidh an Eoraip de **dhlús a chur leis an gclaochlú radacach a leagtar amach ag tús an tsainordaithe seo**, bíodh sé chun dul i ngleic leis na géarchéimeanna aeráide agus dúlra, ár ngeilleagair agus ár ndaonlathas a dhéanamh níos athléimní, ár dtionscail a dhéanamh níos iomaíche, ár sochaí a dhéanamh níos cothroime nó chun ár stádas geopholaitiúil a dhéanamh níos láidre. Ba é réasúnaíocht an chláir seo, rud a leagadh amach ar dtús sna Treoirlínte Polaitiúla, todhchaí níos fearr a thógáil don chéad ghlúin eile, agus muid féin a dhéanamh níos fearr agus níos ullmhaithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá le teacht. Tá sin chomh fíor anois agus mar a bhí sé an tráth sin.

Is é an tríú fírinne nach féidir an tacar uathúil géarchéimeanna seo atá á bhrath chomh géar sin i saol laethúil na nEorpach a chomhlíonadh trí chur chuige 'gnó mar is gnách'. Beidh gá le freagairt ghasta leanúnach, chun dúshláin a bheidh ann amach anseo a réamh-mheas agus chun freastal ar na riachtanais is práinní. De réir an mheoin sin, beidh ár gcuid oibre dírithe ar thacú le muintir na hEorpa le linn na dtréimhsí deacra seo. Is é sin an chéad tosaíocht a bheidh ag an gCoimisiún sa bhliain atá romhainn – bíodh sin trí phraghsanna fuinnimh a laghdú, trí na soláthairtí atá riachtanach dár n-iomaíochas tionsclaíoch agus dár slándáil bia a chinntiú,

trínár ngeilleagar sóisialta margaidh a neartú nó trínár bhfreagairt ar phaindéim COVID-19 atá fós ann ar fud an Aontais.

Is iad na trí fhírinne sin atá ina mbunús don obair atá liostaithe in iarscríbhinní an chláir oibre seo sna sé phríomh-uaillmhian. Cuireann sin leis an obair agus leis an dul chun cinn atá déanta againn cheana féin chun dul i ngleic leis na dúshláin is práinní agus, an tráth céanna, an bealach a réiteach don fhadtéarma. Tá REPowerEU, an plean chun spleáchas na hEorpa ar iompórtáil fuinnimh ón Rúis a laghdú, ina chúis le laghdú seasta ar sholáthairtí ón Rúis agus sin á chúiteamh le méadú ar sholáthairtí malartacha a bhuí le hiarrachtaí rathúla teagmháil a dhéanamh lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta. Tá geimhreadh deacair romhainn go fóill, ach mar gheall ar an **Rialachán maidir le Stóráil Gáis**, tá nach mór 91 % de thoilleadh stórála an Aontais líonta agus tá pleananna coigiltis gáis á gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit i gcomhréir leis an b**Plean Eorpach um an Éileamh ar Ghás a Laghdú.** Leag an Coimisiún amach na **bearta éigeandála idirghabhála sa mhargadh fuinnimh** chun dul i ngleic leis na harduithe móra a tháinig ar phraghsanna le déanaí agus chun billí fuinnimh a laghdú do mhuintir na hEorpa agus do ghnólachtaí san Eoraip. Agus leanfaimid de dhlús a chur leis an aistriú fuinnimh – mar bhealach chun dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide ach chun ár spleáchas a laghdú agus borradh a chur faoin iomaíochas freisin. Rud a bheidh fíor-riachtanach don obair sin dlús a chur le hacmhainneachtaí athléimneachta agus freagartha an infreastruchtúir chriticiúil, agus is rud é sin a bheidh i gcroílár plean cúig chéim a d'fhógair an tUachtarán von der Leyen.

Chun tacú le daoine agus le gnólachtaí ar fud na hEorpa, ní mór dúinn leanúint den obair ar infheistíocht agus ar athchóirithe trí NextGenerationEU. Ar an gcaoi chéanna, ní mór dúinn leanúint de chumhacht bhuiséad an Aontais a úsáid. Chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim fuinnimh, ní mór dúinn bunphrionsabail ár ngeilleagair a chosaint, agus go háirithe ár margadh aonair agus ardleibhéal fostaíochta a chosaint. Chomh maith leis an gcothrom iomaíochta a chaomhnú sa mhargadh aonair trí threoraíocht shoiléir a thabhairt maidir le Státchabhair, de réir phrionsabail uileghabhálacha na comhréireachta agus an riachtanais, tá réiteach Eorpach aontaithe agus comhchoiteann ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar an riosca tromchúiseach go dtiocfaidh ilroinnt ar an Aontas. Le REPowerEU, tá céadchéimeanna tábhachtacha na dlúthpháirtíochta tugtha ag an gCoimisiún ach tá níos mó ag teastáil. Dá bhrí sin, ní mór dúinn borradh a chur faoi REPowerEU le maoiniú breise bunaithe ar mheasúnú riachtanas agus acmhainn ionsúcháin infheistíochta san áireamh. Fiosróimid foinsí comhlántacha maoiniúcháin do REPowerEU agus táimid réidh le céimeanna breise a mholadh, agus leas á bhaint freisin as na ceachtanna a foghlaimíodh ó shásraí dlúthpháirtíochta airgeadais an Aontais faoi NextGenerationEU agus ó ionstraimí rathúla eile.

Agus sinn ag tabhairt aghaidh ar iarmhairtí ionradh na Rúise atá le brath anseo san Aontas Eorpach, fanfaidh ár dtacaíocht don Úcráin chomh diongbháilte aontaithe agus a bhí sí ó bhí an 24 Feabhra ann. Is éard atá i gceist sa bhliain atá romhainn an Úcráin féin agus todhchaí na hÚcráine. Ach baineann sé freisin le todhchaí an Aontais Eorpaigh agus le gach a seasann an tAontas dó: an tsaoirse, an daonlathas, na cearta bunúsacha, an smacht reachta agus na luachanna uile ar a bhfuil an tAontas fothaithe.

Le fíor-dhlúthpháirtíocht idir an tAontas agus a Bhallstáit, tá na 180 beart nó níos mó atá glactha ag an Aontas Eorpach cheana féin mar fhreagairt ar an ionradh ag buaileadh na Rúise san áit a ngoilleann sé uirthi agus tacaíocht láidir á cur ar fáil acu don Úcráin agus dá pobal. Idir tús an chogaidh agus mí Mheán Fómhair, tá breis agus EUR 19 mbilliún slógtha ag an Aontas agus na Ballstáit chun athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus airgeadais na hÚcráine a neartú, chomh maith le EUR 3,1 billiún sa bhreis i dtacaíocht mhíleata faoin **tSaoráid Eorpach Síochána**. Léirigh saoránaigh agus na Ballstáit cineáltas agus dlúthpháirtíocht as cuimse agus iad ag cur fáilte roimh na milliúin Úcránach a bhí ar a dteitheadh ón bhforéigean, agus an tAontas ag cuidiú lena chinntiú go bhfuil rochtain acu ar phoist, tithíocht, oideachas agus cúram sláinte tríd an **Treoir um Chosaint Shealadach** a gníomhachtú.

A bhuí leis an **Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta**, tá níos mó ná 70 000 billiún tona cabhrach ar fáil don Úcráin, bia, uisce, dídean, fuinneamh agus cúram sláinte san áireamh. Tríd an Údarás Eorpach um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte agus trí **stoc-chairn éigeandála rescEU** tá trealamh leighis agus trealamh speisialaithe slógtha againn le haghaidh rioscaí sláinte poiblí, cuir i gcás bagairtí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha. Le **Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE)** agus leis an togra le haghaidh **FAST-CARE**, rinneamar níos éasca do na Ballstáit agus na réigiúin cistí comhtháthaithe a shlógadh chun cuidiú le daoine atá ar a dteitheadh ón gcogadh.

Leanfaimid orainn de chúnamh láidir polaitiúil, airgeadais agus daonnúil a thabhairt don Úcráin agus táimid réidh le tacú le hatógáil na tíre amach anseo. Is é an chéad chéim **EUR 100 milliún a chur ar fáil chun scoileanna san Úcráin a ndearnadh damáiste dóibh a athchóiriú**. Toisc gur laistigh den Aontas atá todhchaí na hÚcráine agus a muintir, oibreoimid freisin chun **a rochtain ar an margadh aonair a éascú**. An tráth céanna, leanfaimid de bheith ag comhordú lenár gcomhghuaillithe chun forfheidhmiú éifeachtach smachtbhannaí a chinntiú d'fhonn brú láidir eacnamaíoch a choinneáil ar an Rúis agus an bonn a bhaint dá cumas cogadh a fhearadh ar an Úcráin.

An ghéarchéim bhia atá ar siúl faoi láthair de dheasca praghsanna a bhfuil géarardú ag teacht orthu agus an drochthriomaigh, agus atá dulta in olcas de dheasca ionradh na Rúise ar an Úcráin, cuireann an ghéarchéim sin slándáil an tsoláthair bia ar fud an domhain i mbaol agus is dúshlán mór eile í. Chun aghaidh a thabhairt air sin, agus chun rochtain na hÚcráine ar an margadh aonair agus ar shlabhraí soláthair domhanda a éascú le bealaí malartacha, leanann an Coimisiún de bheith ag obair go dlúth lena chomhpháirtithe idirnáisiúnta, leis na Ballstáit, le húdaráis na hÚcráine agus le hoibreoirí gnólachtaí chun rochtain ar leasacháin, ar tháirgeadh bia agus ar thrádáil oscailte a chinntiú chun saobhadh ar an soláthar bia a chosc. A bhuí lenár 'Lánaí Dlúthpháirtíochta', is féidir leis an Úcráin a grán agus táirgí eile a iompórtáil agus na hearraí atá de dhíth uirthi a easpórtáil, ó chabhair dhaonnúil go leasacháin. Tá EUR 600 milliún slógtha againn ón g**Ciste Eorpach Forbraíochta** freisin chun an tacaíocht slándála bia a mhéadú le tíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin.

Tá go leor fós le déanamh sa bhaile agus thar lear, i dtús báire, an méid a comhaontaíodh cheana a chur chun feidhme agus an méid atá fós le comhaontú a ghlacadh. Tá tionscnaimh curtha chun cinn againn chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí glasa agus an comhshaol nádúrtha a chosaint. Tá rialacha molta againn chun glúin nua de theicneolaíochtaí digiteacha a chur ar fáil do dhaoine agus do ghnólachtaí. Tá bearta molta againn chun ár n-iomaíochas a atreisiú agus athléimneacht an mhargaidh aonair a neartú, agus ceartas sóisialta á chothú sa mhargadh saothair san am céanna. Tá bearta déanta ag an gCoimisiún chun cumas an Aontais an daonlathas agus an smacht reachta a chosaint a neartú a thuilleadh. Tá bearta déanta againn chun saoirse na meán agus an t-iolrachas a chinntiú agus chun sochaí iolraíoch chuimsitheach chomhionann a neartú.

Ní mór dúinn níos mó béime a chur ar **thacú le caibidlíocht idirinstitiúideach** d'fhonn dlí a dhéanamh dár ngealltanais pholaitiúla. A bhuí le haontacht na n-institiúidí – bíodh sin ar dheimhniú COVID-19, ar rialacha digiteacha nó ar an íosphá – tá go leor bainte amach cheana féin. Ní mór dúinn dlús a chur leis an gcur chuige sin, go háirithe maidir le comhaid atá ríthábhachtach don dá aistriú amhail an pacáiste 'Oiriúnach do 55', na tograí maidir le dul i ngleic leis an dífhoraoisiú domhanda nó maidir le ceallraí agus an Gníomh um an Intleacht Shaorga. Beidh obair an Choimisiúin á stiúradh go fóill ag cur chun feidhme **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe** na Náisiún Aontaithe i ngach réimse beartais. Tá na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe comhtháite sa Seimeastar Eorpach agus príomhshruthaithe inár n-uirlisí um rialáil níos fearr. In 2023 cuirfidh an Coimisiún ar aghaidh céad athbhreithniú deonach ón Aontas ar chur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe faoi chuimsiú Fhóram Ardleibhéil Polaitíochta na Náisiún Aontaithe.

Le blianta beaga anuas, tá sé feicthe ag muintir na hEorpa gur mór an difear is féidir le buiséad an Aontais a dhéanamh. Mar sin féin, tá teorainn le hacmhainní agus solúbthachtaí. An **t-athbhreithniú meántéarma ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2021-2027**, rud a dhéanfaimid in 2023, beidh sé sin ina dheis chun athmheasúnú a dhéanamh féachaint an leanfaidh buiséad reatha an Aontais de bheith ag soláthar na n-acmhainní le haghaidh freagairtí coiteanna ar dhúshláin choiteanna.

Chuige sin, tíolacfaidh an Coimisiún **togra le haghaidh an dara ciseán d'acmhainní dílse nua**, rud a chuirfidh, *inter alia*, leis an togra le haghaidh sraith aonair rialacha cánach maidir le gnó a dhéanamh san Eoraip (BEFIT). In éineacht leis an gcéad sraith tograí, cinnteofar leis na bearta sin cineálacha ioncaim níos éagsúlaithe agus níos athléimní agus seachnófar ciorruithe míchuí ar chláir an Aontais nó méaduithe iomarcacha ar ranníocaíochtaí na mBallstát, chun comhpháirt phlean téarnaimh NextGenerationEU a bhaineann le deontais a aisíoc.

## 2. Saoránaigh a chur i gcroílár an daonlathais Eorpaigh

Is é clár oibre na bliana seo an chéad chlár oibre ó tháinig deireadh leis an **gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa**. Mar léiriú ar shaibhreas na dtograí agus ar a thábhachtaí atá sé beart a dhéanamh de réir mar a mheasann na saoránaigh tábhacht an scéil, déanann go leor de na

príomhthionscnaimh a leagtar amach sa chlár oibre seo obair leantach ar na tograí uaillmhianacha a rinneadh le linn na Comhdhála.

Cleachtadh uathúil a bhí sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa[1] i ndaonlathas rannpháirtíochta agus plé ar an leibhéal Eorpach, agus bealach a bhí ann chun feabhas a chur ar ár gceapadh beartas. D'éirigh leis an gComhdháil **fís uaillmhianach spreagúil a fhorbairt dár nAontas**.

Is fís é sin d'Eoraip a dhéanann saol laethúil na saoránach níos éasca, bíodh sé i gceantair thuaithe nó i gceantair uirbeacha; a théann i ngleic leis na dúshláin atá romhainn ó ghlúin go glúin; atá níos uathrialaithí; agus a dhéanann beart de réir a briathair ó thaobh na nithe is tábhachtaí do mhuintir na hEorpa, ón mbia a itheann siad, go dtí an t-aer a análaíonn siad. Is faoi Pharlaimint na hEorpa, faoin gComhairle agus faoin gCoimisiún atá sé anois an obair leantach a dhéanamh. Céim eile in iarrachtaí an Choimisiúin maidir le 'Gníomhaíocht nithiúil a dhéanamh den fhís' is ea an clár oibre seo[2].

Beidh rath fadtéarmach na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa ag brath ar an athrú is féidir a bhaint amach maidir le conas saoránaigh a chur san áireamh ar bhealach níos fearr i socrú na dtosaíochtaí agus na huaillmhéine, agus i gceapadh beartas ar an leibhéal Eorpach.

Chun cur leis an rath a bhí ar an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, tá painéil saoránach anois ina gcuid de cheapadh beartas an Choimisiúin i réimsí tábhachtacha áirithe. Sa ghlúin nua de phainéil saoránach pléifear tionscnaimh na bliana seo chugainn maidir le cur amú bia, le soghluaisteacht foghlama agus leis an saol fíorúil.

## 3. Na sé phríomh-uaillmhian a bhaint amach

### 3.1 An Comhaontú Glas don Eoraip

Tá éifeachtaí an athraithe aeráide ag éirí níos déine, mar is léir ó thonnta teasa tromchúiseacha, dóiteáin foraoise agus tréimhsí triomaigh nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Tá sé ríthábhachtach dlús a chur lenár n-aistriú glas chun dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide agus chun ár ngeilleagair agus ár slándáil a neartú. Thairis sin, i bhfianaise na mbagairtí domhanda atá ag dul i méid agus na réaltachta geopholaitiúla nua, cuirfear feabhas ar ár slándáil fhadtéarmach bia trí chóras bia inbhuanaithe athléimneach a thógáil trí dhlús a chur leis an gclaochlú glas. Léirigh an ghéarchéim aeráide freisin gur gá leanúint d'fheabhas a chur ar shásraí cosanta sibhialta agus bainistithe géarchéime an Aontais.

Tá formhór na dtograí atá ríthábhachtach ó thaobh an Comhaontú Glas don Eoraip a bhaint amach curtha síos cheana ag an gCoimisiún agus leanfaimid de thacaíocht iomlán a thabhairt do na comhreachtóirí chun a chinntiú go bhféadfar teacht ar chomhaontú roimh dheireadh an téarma pharlaimintigh seo. Don bhliain seo, tá sé ríthábhachtach go dtiocfar ar chomhaontú go pras maidir leis an bpacáiste 'Oiriúnach do 55'.

[1] Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa – Tuarascáil ar an toradh deiridh

[2] Teachtaireacht mhí an Mheithimh 2022 dar teideal '*Putting vision into concrete action*' [Gníomhaíocht nithiúil a dhéanamh den fhís], COM(2022) 404 final

Chun na bearta sin a chomhlánú, ghlacamar togra ceannródaíoch níos luaithe in 2022 chun úsáid lotnaidicídí a laghdú faoina leath faoi 2030, agus chun éiceachórais na hEorpa a ndearnadh damáiste dóibh a athbhunú faoi 2050. Sna míonna amach romhainn, glacfaimid pacáistí uaillmhianacha de bhearta breise aeráide agus comhshaoil lena n-áirítear maidir le hastaíochtaí iompair agus deimhniú aistrithe dé-ocsaíde carbóin, tograí chun cáilíocht an aeir agus an uisce chomhthimpeallaigh a fheabhsú, agus príomhthionscnaimh sa gheilleagar ciorclach, lena dtabharfar aghaidh go háirithe ar inbhuanaitheacht pacáistíochta agus plaisteach, ar an dúshlán a bhaineann le truailliú micreaphlaisteach atá ag dul i méid, ar an gceart chun deisiúcháin agus ar fheithiclí a bhfuil a ré caite. Déanfaimid iarracht freisin chun go dtiocfar ar chomhaontú domhanda uaillmhianach maidir leis an dúlra ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an mBithéagsúlacht in Montréal (COP 15) i mbliana agus léireoimid ár gceannaireacht dhomhanda maidir le dul i ngleic leis an athrú aeráide ag an gComhdháil maidir leis an Athrú Aeráide in Sharm El-Sheikh (COP 27).

An tráth céanna, ní mór don Aontas feabhas a chur ar a ullmhacht chun seasamh níos fearr in aghaidh luaineacht praghsanna amach anseo, billí leictreachais inacmhainne a chinntiú agus an claochlú tionsclaíoch domhain is gá le haghaidh mór-roinn dhícharbónaithe agus leictrithe den chuid is mó faoi 2050 a luathú. Dá bhrí sin, molfaimid **athchóiriú cuimsitheach ar mhargadh leictreachais an Aontais** go luath in 2023, lena n-áirítear an tionchar a bhíonn ag praghsanna gáis ar phraghsanna leictreachais a dhíchúpláil.

Chun cabhrú le borradh a chur faoinár ngeilleagar hidrigine glaise, cruthóimid **Banc Hidrigine Eorpach** nua chun EUR 3 bhilliún a infheistiú chun tús a chur le margadh hidrigine san Aontas, lena n-áirítear tríd an soláthar a mheaitseáil leis an éileamh.

In 2023, gníomhóimid chun **dramhaíl a laghdú agus tionchar na dramhaíola ar an gcomhshaol a laghdú**, agus béim á leagan ar an **dramhaíl bhia agus teicstíle**, topaic a sainaithníodh le linn na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa. Cuirtear thart ar 20 % den bhia ar fad a tháirgtear san Aontas amú, rud a ídíonn acmhainní nádúrtha, a bhaineann an bonn d'éiceachórais agus a chuireann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa. Chun dul i ngleic leis sin, déanfaimid bearta lena n-áirítear spriocanna chun cur amú bia a laghdú. Ós rud é go mbíonn thart ar 11 chileagram de theicstílí in aghaidh an duine á gcur amú san Aontas gach bliain, déanfaimid beart freisin chun athchúrsáil teicstílí a fheabhsú agus chun a chinntiú go mbeidh freagracht níos mó ar tháirgeoirí as cóireáil na dramhaíola sin.

Cuirfimid **creat cuimsitheach ar bun le haghaidh córais bhia inbhuanaithe** san Aontas, ionas go mbeidh an inbhuanaitheacht lárnach i ngach beartas a bhaineann le bia. Déanfaimid **athchóiriú ar dhlíthe an Aontais maidir le leas ainmhithe** chun a raon feidhme a leathnú agus chun leibhéal níos airde leasa ainmhithe a chinntiú. Freagraíonn sé sin do mholtaí na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa agus an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh, 'Ná coinnímis ainmhithe i gcásanna feasta'.

Tabharfaimid reachtaíocht chun cinn maidir le teicnící géanómaíocha nua amhail só-ghineas nó cisgineas spriocdhírithe. Cothóidh sé ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe agus don chomhshaol, agus cuirfidh sé le córas bia níos athléimní níos

inbhuanaithe le táirgí plandaí nuálacha. Freagraíonn an tionscnamh sin do thogra ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa.

Oibreoimid freisin chun **an t-iompar lastais a ghlasú** a thuilleadh chun astaíochtaí agus truailliú ón iompar a laghdú agus sinn ag bogadh go soghluaisteacht níos cliste níos inbhuanaithe.

Tar éis dul i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara, molfaimid **athbhreithniú spriocdhírithe ar an reachtaíocht maidir le clárú, meastóireacht agus údarú ceimiceán (REACH)** d'fhonn buntáistí iomaíocha Eorpacha agus an nuálaíocht a dhaingniú trí cheimiceáin inbhuanaithe a chur chun cinn, tríd an bpróiseas rialála a shimpliú agus a chuíchóiriú, tríd an ualach a laghdú agus trí shláinte an duine agus an comhshaol a chosaint.

### 3.2 Eoraip atá oiriúnach don aois dhigiteach

Sa tuarascáil chríochnaitheach ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, leagadh béim ar an ngá atá le réitigh dhigiteacha a dhéanamh inrochtana agus a chur ar fáil do gach Eorpach agus a chinntiú go mbeidh an Eoraip ar thús cadhnaíochta maidir le claochlú digiteach eiticiúil trédhearcach sábháilte.

Thairis sin, leagadh béim i dtuarascáil 2022 maidir leis an bhfadbhreathnaitheacht straitéiseach ón gCoimisiún ar an ngá atá le dlús a chur leis na haistrithe glasa agus digiteacha i dteannta a chéile. Le réitigh dhigiteacha, beidh ár ngeilleagar níos éifeachtúla agus ní bheidh sé chomh dian ar acmhainní, agus, an tráth céanna, cuideofar le lorg comhshaoil, acmhainní agus aeráide an digitithe féin a íoslaghdú. Chuige sin, molfaimid gníomh de chuid an Aontais um amhábhair chriticiúla, chun soláthar leordhóthanach agus éagsúlaithe a chinntiú do gheilleagar digiteach na hEorpa agus don aistriú glas – agus tús áite a thabhairt d'athúsáid agus athchúrsáil.

Cé is moite de na hiarrachtaí comhpháirteacha leanúnacha atá á ndéanamh againn leis na Ballstáit chun spriocanna a bhaint amach faoin Deacáid Dhigiteach, molfaimid **uirlisí chun domhan fíorúil dhuinelárnach oscailte a fhorbairt**, amhail meiteachruinní. Cuireann siad sin an iliomad deiseanna ar fáil do thionscail agus d'earnálacha seirbhíse, do na healaíona cruthaitheacha agus do shaoránaigh, chomh maith le deiseanna ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shóisialta níos leithne amhail sláinte agus cathracha cliste.

Mar obair leantach ar an rún ó Pharlaimint na hEorpa faoi Airteagal 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, molfaidh an Coimisiún **Moladh maidir le píoráideacht ábhair bheo** lena gcuirfear bosca uirlisí ar fáil chun sruthú neamhdhleathach imeachtaí beo a chomhrac, go háirithe imeachtaí spóirt.

Maidir leis an tsoghluaisteacht, is féidir leis an digitiú a bheith ina spreagadh don ilmhódúlacht gan bhearna agus don inbhuanaitheacht fheabhsaithe. Molfaimid **spás coiteann Eorpach do shonraí soghluaisteachta** chun borradh a chur faoi dhigitiú na hearnála soghluaisteachta agus chun réitigh nuálacha a spreagadh. Chun ullmhú do réitigh soghluaisteachta atá ag teacht chun cinn, molfaimid freisin **creat rialála de chuid an Aontais**

**maidir le hyperloop** atá le bheith réidh chun freastal ar an réiteach iompair ardluais ísealcharbóin sin.

Cuirfidh ár dtionscnamh maidir le **húsáid uirlisí digiteacha agus próiseas digiteach i ndlí na gcuideachtaí a leathnú agus a uasghrádú a thuilleadh** le trédhearcacht cuideachtaí sa mhargadh aonair, simpleoidh sé nósanna imeachta riaracháin agus breithiúnacha agus éascóidh sé leathnú trasteorann cuideachtaí.

An éiginnteacht gheopholaitiúil atá ann faoi láthair, mar aon leis an gcur isteach ar shlabhraí soláthair a tharla le déanaí le linn ghéarchéim COVID-19, cuireadh in iúl a thábhachtaí atá ár margadh aonair uathúil ó thaobh bonn eacnamaíoch na hEorpa a neartú. Is bunchloch don Aontas don rachmas agus don chobhsaíocht margadh inmheánach dinimiciúil dea-fheidhmiúil. Tráth chomóradh a 30 bliain, eiseoimid **Teachtaireacht maidir leis an Margadh Aonair** ina léireofar na tairbhí suntasacha a bhaineann leis agus ina sainaithneofar na bearnaí cur chun feidhme agus na tosaíochtaí a bheidh ann amach anseo chun go leanfaidh an margadh aonair de ról lárnach a imirt i neamhspleáchas straitéiseach oscailte an Aontais.

Chun cuidiú le timpeallacht rialála chobhsaí a chinntiú dár ngnólachtaí, molfaimid **pacáiste ceadúnaithe paitinní**. Oibreoimid i dtreo creat éifeachtúil le haghaidh **ceadúnú bunphaitinne caighdeáin** chun leasanna a sealbhóirí agus a gcur chun feidhme a léiriú ar an mbealach is fearr, agus leagfaimid síos rialacha soiléire maidir le **ceadúnú éigeantach paitinní**.

Is uirlis thábhachtach é ár margadh aonair lena chinntiú go mbeidh tús áite ag sláinte agus sábháilteacht daoine ar fud an Aontais. Mar sin, déanfaimid obair leantach ar an rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa le togra maidir le **scagthástáil, clárú agus faireachán aispeiste**. Cuideoidh sé sin lena chinntiú go gcuirfidh na Ballstáit go léir lena n-uaillmhian faireachán a dhéanamh ar an tsubstaint chontúirteach sin, í a scagadh agus dul i ngleic léi.

Ní mór dúinn timpeallacht ghnó chumasúcháin agus lucht saothair a bhfuil na scileanna cearta acu a bheith againn. Braitheann ár n-iomaíochas amach anseo air sin. Ní mór dúinn deireadh a chur leis na bacainní atá fós ar ár gcuideachtaí beaga mar is iadsan cnámh droma na hEorpa maidir lena láidre atá sí ó thaobh tionsclaíochta de le fada buan. Sin an fáth a gcuirfimid Pacáiste Faoisimh FBM chun cinn. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Treoir maidir le híocaíochtaí déanacha chun **ualaí ar FBManna a laghdú**.

Chun borradh a chur faoi lucht saothair ag a bhfuil na scileanna is gá agus chun iomaíochas cuideachtaí Eorpacha a chothú, go háirithe FBManna, agus chun acmhainneacht iomlán na n-aistrithe digiteacha agus glasa a bhaint amach ar bhealach atá cothrom ó thaobh na sochaí de, is í 2023 Bliain Eorpach na Scileanna, chun an t-athsciliú agus an t-uas-sciliú is gá a chur ar fáil dár lucht saothair agus chun na scileanna cearta a mhealladh chuig an mór-roinn.

### 3.3 Geilleagar a fhóireann do dhaoine

Tá cinneadh á dhéanamh againn faoin gclár oibre seo agus éiginnteacht eacnamaíoch mhór ann. Dá bhrí sin, táimid réidh le hathmheastóireacht a dhéanamh tar éis an gheimhridh, go háirithe ar na bearta sin a d’fhéadfadh difear a dhéanamh don iomaíochas.

Le cogadh ionsaithe na Rúise ar an Úcráin, tá athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta na hEorpa á tástáil tráth a bhfuil claochluithe móra ag tarlú inti. Ní mór dúinn sraith láidir rialuithe straitéiseacha trádála agus infheistíochta a fhorbairt chun ár slándáil eacnamaíoch a neartú, agus an tráth céanna oibriú chun na slabhraí luacha a éagsúlú.

Tá an Coimisiún sásta **athbhreithniú a dhéanamh ar rialachán an Aontais um scagadh IDC** i bhfianaise taithí dhá bhliain, d'fhonn na leasuithe is gá a shainaithint lena neartófaí a fheidhmiú agus a éifeachtacht, i gcomhréir leis na prionsabail maidir le Rialáil Níos Fearr. Bainfimid leas freisin as an taithí a fuarthas ar chóras rialaithe easpórtálacha reatha an Aontais, agus ar chur chun feidhme smachtbhannaí i gcomhthéacs ionsaí na Rúise ar an Úcráin, chun ár rialuithe straitéiseacha easpórtálacha a neartú, agus beimid ag obair go dlúth leis na Ballstáit agus lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta. Ina theannta sin, déanfaimid scrúdú féachaint an bhfuil gá le huirlisí breise i ndáil le rialuithe infheistíochtaí straitéiseacha amach.

Ní mór dúinn freisin samhail gheilleagar sóisialta margaidh na hEorpa a threisiú. Leanfaimid den chlár oibre sóisialta a bhaint amach chun aistriú dúbailte atá cothrom ó thaobh na sochaí de a chinntiú, ar clár oibre é a sainíodh ag Cruinniú Mullaigh Sóisialta Porto i mí na Bealtaine 2021. Tá tionscnaimh thábhachtacha curtha chun cinn againn chun **an plean gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme**. Cuirfimid tionscnamh i láthair maidir le digitiú na gcóras slándála sóisialta agus na líontán sábhála sóisialta chun tacú le soghluaisteacht an lucht saothair, i dtaca leis an obair leanúnach ar ESSPASS (Pas Eorpach Slándála Sóisialta).

I gcomhthéacs Bhliain Eorpach na Scileanna, déanfaimid ár **gcreat cáilíochta do chúrsaí oiliúna** a thabhairt cothrom le dáta freisin chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna lena n-áirítear luach saothair cothrom agus rochtain ar chosaint shóisialta.

Mar obair leantach ar an rún ó Pharlaimint na hEorpa faoi Airteagal 225 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, cuirfimid tionscnamh reachtach síos maidir le **reacht do chomhlachais trasteorann Eorpacha**, chun é a chur ar a gcumas lántairbhe a bhaint as saoirsí an mhargaidh aonair. Tá ról lárnach ag na comhlachais sin maidir le hearraí agus seirbhísí a chur ar fáil in go leor réimsí de gheilleagar an Aontais, agus maidir le cur le rannpháirtíocht ghníomhach na saoránach sa tsochaí shibhialta agus sa daonlathas.

Molfaimid Moladh ón gComhairle maidir le **creatchoinníollacha don gheilleagar sóisialta a fhorbairt**, chun cuidiú leis na Ballstáit a mbeartais agus a ndlíthe a chur in oiriúint níos fearr do riachtanais shonracha na n-eintiteas sa gheilleagar sóisialta.

I bhfianaise comhpháirt deontais phlean téarnaimh NextGenerationEU a aisíoc agus maoiniú don Chiste Aeráide Sóisialta a chinntiú, tá an chéad sraith tograí curtha síos ag an gCoimisiún le haghaidh acmhainní dílse nua atá á bplé faoi láthair leis na comhreachtóirí. Mar sin féin, mar a cuireadh i bhfios go láidir sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, ní mór don Aontas a bhuiséad féin a neartú tuilleadh. Chuige sin, tíolacfaidh an Coimisiún **togra le haghaidh an dara ciseán d'acmhainní dílse nua**, rud a chuirfidh leis an togra le haghaidh sraith aonair rialacha cánach chun gnó a dhéanamh san Eoraip (BEFIT).

I dteannta a chéile, cinnteofar leis na bearta sin cineálacha ioncaim níos éagsúlaithe níos athléimní agus seachnófar ciorruithe míchuí ar chláir an Aontais nó méaduithe iomarcacha ar ranníocaíochtaí na mBallstát. Déanfaimid **athbhreithniú meántéarma ar chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 freisin.** Déanfaimid iarracht freisin Ciste Eorpach Ceannasachta nua a chruthú chun a chinntiú go mbeidh todhchaí ann don tionsclaíocht san Eoraip.

Ina theannta sin, cuirfimid claonadh an Choimisiúin i láthair tar éis an **athbhreithnithe ar ár rialachas eacnamaíoch** chun a chinntiú go mbeidh sé fós oiriúnach do dhúshláin na ndeich mbliana seo, agus an t-ionchur luachmhar ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa á chur san áireamh.

Déanfaimid togra freisin maidir le conas **an comhar riaracháin a dhoimhniú agus a fheabhsú**. Fágfaidh sé sin go mbeidh sineirgí níos fearr ann idir uirlisí an Aontais atá ceaptha chun acmhainneachtaí a neartú, go háirithe ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach. Ina theannta sin, beifear in ann infheistíochtaí agus claochluithe a bhainistiú ar bhealach níos fearr, agus cur chun feidhme iomlán agus éifeachtach bheartais an Aontais á chinntiú an tráth céanna.

Tá margaí airgeadais éifeachtúla agus comhtháite agus saorghluaiseacht chaipitil ríthábhachtach don fhás eacnamaíoch agus don téarnamh eacnamaíoch chomh maith leis an aistriú glas agus digiteach. Cuidíonn siad freisin leis an Aontas leanúint dá ról ceannasach domhanda eacnamaíoch agus geopholaitiúil a imirt. Tá sraith athchóirithe rialála curtha chun cinn ag an gCoimisiún i réimse na hinfheistíochta, an nochta faisnéise, na baincéireachta agus an árachais. Anois, féachfaimid le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le hAontas na Margaí Caipitil a fhorbairt. Molfaidh an Coimisiún pacáiste beart freisin chun **infheistíocht mhiondíola a éascú**, agus cuirfear tuilleadh feabhais ar **rochtain ar shonraí i seirbhísí airgeadais** le tionscnamh le haghaidh **creat maidir le maoiniú oscailte**. Déanfaimid athbhreithniú freisin ar **an Treoir maidir le seirbhísí íocaíochta**, chun tacú leis an nuálaíocht agus, an tráth céanna, cinnteoimid úsáid níos éasca agus níos sábháilte as seirbhísí íocaíochta ar líne agus cosaint níos fearr d’úsáideoirí ar chalaois agus ar mhí-úsáid.

Chun a chinntiú go mbeidh airgeadra coiteann an Aontais oiriúnach don aois dhigiteach, cuirfimid síos togra chun prionsabail an **euro dhigitigh** a leagan síos sula n-eiseoidh an Banc Ceannais Eorpach é.

### 3.4 Eoraip níos láidre sa domhan mór

Cé go mbeidh an t-iltaobhachas agus an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe fós ina dtreoirphrionsabail bhunúsacha againn, ní mór dúinn ullmhú do ré lena mbaineann iomaíocht sistéamach i ndomhan ilpholach.

Mar phríomhdheontóir cabhrach forbartha agus daonnúla, leanfaidh an tAontas d’iarmhairtí domhanda chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine a fhreagairt, go háirithe maidir leis na géarchéimeanna domhanda bia agus fuinnimh.

Leanfaidh na smachtbhannaí i gcoinne na Rúise de bheith i bhfeidhm fad a leanfar den ionsaí ar an Úcráin agus den fhorghabháil/ionghabháil neamhdhleathach ar chríoch na hÚcráine.

Déanfaimid **nuashonrú ar ár mbosca uirlisí smachtbhannaí** chomh maith chun an t-éilliú a chur san áireamh.

Le fírinne chadránta na cogaíochta, deimhnítear gur gá dlús a chur le hiarrachtaí an Aontais i réimse na slándála agus na cosanta. Mar obair leantach ar Chompás Straitéiseach an Aontais, in 2023 cuirfimid straitéis spáis an Aontais um shlándáil agus cosaint i láthair chomh maith le straitéis slándála muirí an Aontais a thabharfar cothrom le dáta. Seolfaimid idirphlé leis na Tionscail Chosanta Eorpacha maidir leis an gcaoi chun méaduithe táirgeachta a bhaint amach chun na bearnaí atá ann faoi láthair i stoic armála na hEorpa a líonadh.

Leanfaimid dár gcomhar le tíortha is iarrthóirí sna **Balcáin Thiar, in éineacht leis an Úcráin, leis an Moldóiv agus leis an tSeoirsia**, i bhfianaise a n-aontachais leis an Aontas amach anseo. Coinneoimid lenár dtacaíocht do Chomhpháirtíocht an Oirthir agus do Chomharsanacht an Deiscirt. Ina theannta sin, cuirfimid go gníomhach le hobair an **Chomhphobail Pholaitiúil Eorpaigh** a bheidh ann amach anseo agus cuirfimid leis an obair sin chun teagmháil a dhéanamh le tíortha na hEorpa tar éis an phróisis aontachais.

Chun athléimneacht an Aontais a neartú agus chun ár slabhraí soláthair a éagsúlú, déanfaimid iarracht comhaontuithe trádála a dhaingniú go hiomlán, lena n-áirítear comhaontuithe leis an tSile, Meicsiceo agus an Nua-Shéalainn, mar shampla, agus leanfar den chaibidlíocht le comhpháirtithe tábhachtacha eile, amhail an Astráil, an India agus an Indinéis. Cuirfimid Clár Oibre nua do Mheiriceá Laidineach agus do Mhuir Chairib chun cinn freisin.

Tá an tAontas tiomanta i gcónaí aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna in áiteanna eile ar fud an domhain agus réitigh iltaobhacha fhiúntacha ar dhúshláin dhomhanda a chur chun cinn, go háirithe tríd an athbhreithniú ar chlár oibre 2030 don fhorbairt inbhuanaithe, agus tríd an gcaidreamh atá againn leis na hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais a neartú.

Agus coimhlintí agus tubaistí nádúrtha ag dul i méid, tá méadú ag teacht ar na riachtanais dhaonnúla agus tá an bhearna sa mhaoiniú ag dul i méid freisin. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht i seachadadh na cabhrach, lena n-áirítear trí **acmhainneachtaí an Aontais féin a mhéadú chun géarchéimeanna a fhreagairt**. I measc gníomhaíochtaí eile, déanfaimid ár n-acmhainneachtaí comhraic dóiteáin a dhúbailt roimh shéasúr na ndóiteán foraoise in 2023 agus cuirfimid 10 n-aerárthach amfaibiacha éadroma agus 3 héileacaptar lenár bhflít.

### 3.5 Ár ndóigh bheatha Eorpach a chur chun cinn

Le Bliain Eorpach na hÓige 2022, tá réimse deiseanna curtha ar fáil d'Eorpaigh óga chun a gcuid scileanna agus inniúlachtaí a neartú, agus chun rannpháirtíocht shibhialta daoine óga a chothú. Leanfar den bhéim láidir ar an óige le linn Bhliain Eorpach na Scileanna.

Ós rud é nach bhfuil ach 15 % de dhaoine óga i mbun staidéir, oiliúna nó printíseachtaí i mBallstát eile, molfaidh an Coimisiún **creat soghluaisteachta foghlama reatha an Aontais** a thabhairt cothrom le dáta, ionas go mbeidh foghlaimeoirí in ann gluaiseacht níos éasca idir córais oideachais: is céim thábhachtach sin i dtreo Limistéar Eorpach Oideachais in 2025.

I réimse na sláinte, leanfaidh an Coimisiún de Phlean uaillmhianach Sáraithe Ailse na hEorpa a chur chun feidhme, ar ceann de cholúin Aontas Sláinte na hEorpa láidir é. Cuirfimid Moladh maidir le **hailse atá inchoiscthe trí vacsaíniú** chun cinn mar aon le nuashonrú ar an Moladh maidir le **timpeallachtaí saor ó thobac**.

Príomhcholún eile d'Aontas Sláinte na hEorpa a mhol an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, is ea **Spás Eorpach Sonraí Sláinte** a chruthú. Má dhéantar an tionscnamh seo a ghlacadh agus a chur chun feidhme go pras, neartófar cáilíocht agus leanúnachas an chúraim sláinte agus cinnteofar cearta na saoránach i ndáil lena sonraí sláinte. Freagróidh an Coimisiún togra eile ón gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa le **cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte**, saincheist mhór sa tsochaí a cuireadh béim bhreise uirthi le linn na paindéime. Leanfaidh an Coimisiún freisin den spórt agus de na tairbhí meabhracha agus fisiceacha a bhaineann le stíl mhaireachtála shláintiúil a chur chun cinn ar fud na sochaí agus ó ghlúin go glúin, agus é ag tógáil ar an tionscnamh HealthyLifestyle4All agus na Youth Ideas Labs.

Is léir cén fáth a bhfuil gá le creat soiléir láidir le haghaidh ár gcórais imirce agus tearmainn mar gheall ar na himeachtaí a bhíonn ag titim amach inár gcomharsanacht. Rinneadh dul chun cinn tábhachtach freisin le bliain anuas maidir le cur chuige Eorpach i leith na himirce – mar a leagtar amach sa **Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann**. Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht iomlán a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle chun an Treochlár Comhpháirteach maidir leis an gComhshocrú a chur chun feidhme, agus glacfaidh sé na tograí uile a chuirfear síos roimh dheireadh an tsainordaithe seo. Chun an méid sin a chomhlánú, féachfaimid le dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an **bPacáiste Scileanna agus Tallainne** chun dlús a chur leis an imirce dhleathach éifeachtach a rachaidh chun tairbhe an dá thaobh, rud a threiseofar le tionscnamh nua chun aithint na gcáilíochtaí a bhíonn ag náisiúnaigh tríú tíortha a éascú, rud a mheallfaidh na scileanna cearta chuig an mór-roinn, agus beidh sin ina théama tábhachtach do Bhliain Eorpach na Scileanna 2023. Cuirfidh tionscnamh spriocdhírithe ceann de na scileanna is tábhachtaí ó thaobh straitéise chun cinn trí **Acadamh Scileanna Cibearshlándála**.

Mar chuid dár n-iarrachtaí Aontas Slándála dílis a fhorbairt, agus chun beart a dhéanamh de réir ár mbriathair Straitéis an Aontais chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac, molfaidh an Coimisiún **athbhreithniú ar an Treoir maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac**. Díreoidh sé sin ar dhúshláin nua a eascraíonn as athrú teicneolaíochta, agus ar an ngá atá ann dlús a chur le cosc, imscrúdú agus ionchúiseamh coireanna mí-úsáide gnéasaí leanaí, chomh maith le tacú le híospartaigh ar leanaí iad agus iad a chosaint, sa spás ar líne agus as líne araon, i gcomhréir le straitéis chuimsitheach an Aontais maidir le cearta an linbh. Comhlánóidh an tionscnamh an togra le haghaidh Rialacháin a rinneadh le déanaí, is é sin **Rialachán lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac**. Déanfar an tAontas Slándála a threisiú freisin le **comhar póilíneachta trasteorann** neartaithe chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí slándála casta nua, a luaithe a ghlacfar na tograí ón gCoimisiún.

Leanfaidh an Coimisiún de gach beart is gá a dhéanamh chun limistéar Schengen athléimneach láidir a chinntiú gan rialuithe teorann inmheánaí. Déanfar seiceálacha éifeachtúla teorann, taisteal leanúnach idirnáisiúnta agus cúinsí slándála a thabhairt le chéile trí dhul chun cinn teicneolaíoch trí leanúint le cur chun feidhme na gcóras idir-inoibritheach nua agus trí thogra nua maidir le **doiciméid taistil a dhigitiú**. Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do na comhreachtóirí chun **Cód Teorainneacha Schengen** athbhreithnithe a ghlacadh gan mhoill.

### 3.6 Ugach nua do dhaonlathas na hEorpa

Tá ár ndaonlathas, bunchloch an Aontais seo againne, faoi bhrú níos mó ná riamh faoi láthair. Braitheann cobhsaíocht, slándáil agus rathúnas an Aontais ar **ár luachanna daonlathacha agus ár n-institiúidí daonlathacha** a chaomhnú. Dá bhrí sin, ní mór dúinn gan staonadh ónár gcearta bunúsacha agus ár luachanna comhroinnte amhail an comhionannas agus an smacht reachta a chosaint, agus ní mór dúinn ghníomhú chun bunchloch ár sochaithe saora daonlathacha a chosaint, amhail iolrachas agus saoirse na meán.

Ba chuspóir a cheap an Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa seasamh go córasach leis an **smacht reachta** ar fud na mBallstát uile, agus sa tríú heagrán den tuarascáil bhliantúil maidir leis an smacht reachta i mí Iúil 2022, den chéad uair bhí moltaí inti a bhí dírithe ar na Ballstáit uile. Sa Phlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach, is príomhthosaíocht pholaitiúil é cosaint na bpríomhcholún dhaonlathach. Agus é ag cur leis an méid sin, mhol an Coimisiún an Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán chun coimircí reachtacha a chur ar fáil maidir le saoirse agus iolrachas na meán.

In 2023, cuirfidh an Coimisiún **pacáiste um chosaint an daonlathais** chun cinn chun an ghníomhaíocht faoin bPlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach a dhoimhniú chun saorthoghcháin chóra a chur chun cinn, chun dlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne na bréagaisnéise agus chun tacú le saoirse agus iolrachas na meán, lena n-áirítear trí spás sibhialta agus rannpháirtíocht na saoránach a fhorbairt chun athléimneacht dhaonlathach a threisiú ón taobh istigh. Go háirithe, cuimseoidh sé tograí chun ár ndaonlathais a chosaint agus muinín a neartú trínár gcóras daonlathach a chosaint ar leasanna seachtracha. Molfaimid freisin bearta chun ár gcreat reachtach a thabhairt cothrom le dáta chun **an t-éilliú a chomhrac**.

Tá tograí curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún chun toghcháin Pharlaimint na hEorpa a neartú trí thacú lena sláine agus trí rannpháirtíocht níos mó a chur chun cinn trí rialacha maidir leis **an trédhearcacht agus spriocdhíriú na fógraíochta polaitiúla**, maidir le **reacht agus maoiniú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha** agus maidir le **cearta toghcháin na nEorpach soghluaiste**. Táimid réidh chun tacú leis na comhreachtóirí ina gcuid oibre ar an togra ó Pharlaimint na hEorpa maidir le dlí Toghcháin nua. Bheadh sé tábhachtach na rialacha nua sin uile a bhaineann le toghcháin a bheith i bhfeidhm in am do na chéad toghcháin eile do Pharlaimint na hEorpa in 2024.

Leanfaidh an Coimisiún d'Aontas an Chomhionannais a thógáil trí thionscnamh suaitheanta maidir le cearta daoine faoi mhíchumas, ina molfar cárta míchumais AE lena gcinnteofar

aitheantas frithpháirteach do stádas míchumais ar fud na mBallstát uile. Dhéanfadh na comhreachtóirí Aontas an Chomhionannais a threisiú a thuilleadh dá dtiocfaidís ar chomhaontú maidir leis na tionscnaimh atá beartaithe chun **foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac** agus maidir le **trédhearcacht pá**. I gcomhthéacs chur chun feidhme phlean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le frithchiníochas 2020-2025, leanfaidh an Coimisiún dá chuid oibre chun **cosaint éifeachtach a chinntiú i gcoinne an idirdhealaithe** de bharr bunús eitneach nó ciníoch, lena n-áirítear i réimse fhorfheidhmiú an dlí.

Chun a chinntiú go leanfar de chearta tomhaltóirí a chosaint agus a fhorfheidhmiú i margaí ar líne agus as líne araon, molfaidh an Coimisiún leasuithe ar na rialacha lena rialaítear **comhar idir údaráis cosanta tomhaltóirí** chun cleachtais éagóracha gnó a dhíspreagadh agus chun tacú le himscrúduithe níos éifeachtaí ar sháruithe ar dhlí na dtomhaltóirí.

Féachfaidh an Coimisiún ar uirlisí chun **a chreat trédhearcachta a neartú**, go háirithe a mhéid a bhaineann le rochtain ar dhoiciméid.

Chun feabhas a chur ar an **gcomhar idir na húdaráis náisiúnta cosanta sonraí** agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí á fhorfheidhmiú, molfaidh an Coimisiún roinnt gnéithe nós imeachta náisiúnta dá gcuid oibre a chomhchuibhiú.

## 4. Dlí an Aontais Eorpaigh a rialáil, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr

### 4.1 Rialáil níos fearr

Leis na dúshláin atá os comhair na hEorpa inniu, is léir gur gá ceapadh beartas eolasach bunaithe ar fhianaise agus ar phrionsabail na rialála níos fearr.

Tá uirlisí rialála ag an gCoimisiún anois a chomhlíonann na caighdeáin is airde, mar atá aitheanta ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta. Is éard atá i gceist le rialáil níos fearr a chinntiú go bhfuil gá le reachtaíocht agus go soláthraíonn sí an tairbhe is mó is féidir do shaoránaigh agus do pháirtithe leasmhara. Leis an **gcur chuige 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach'** atá in úsáid go hiomlán anois, dírítear ar thionchar na gcostas a bhaineann le tograí ón gCoimisiún ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí. Comhlánaíonn an méid sin an iarracht chórasach chun rómhaorlathas agus costais gan chúis a shainaithint agus a bhaint faoin gclár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála (REFIT). An t-ardán 'Réidh don Todhchaí', grúpa saineolaithe ardleibhéil, tacaíonn sé leis an gCoimisiún chun an t-ualach a shimpliú agus a laghdú. Is féidir le grúpa ardleibhéil páirtithe leasmhara rannchuidiú tuilleadh le cuíchóiriú spriocdhírithe an *acquis* a dhéanann difear do shaoránaigh agus do ghnólachtaí. Cinnteoidh **tástáil threisithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBM)** go mbainfidh cuideachtaí Eorpacha tairbhe as an margadh aonair gan praghas díréireach a íoc. In 2023, leanfaidh an Coimisiún den chur chuige 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach' a chur chun feidhme agus cuirfidh sé tús le cur i gcrích agus éifeachtacht an chur chuige sin a mheas.

Is príomhghné é an clár oibre maidir le rialáil níos fearr chun tacú leis an inbhuanaitheacht. Comhtháthaíonn sé Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe sna hanailísí tionchair trí thionchair shuntasacha ar an gcomhionannas do chách a mheas. Má chuirtear fadbhreathnaitheacht straitéiseach san áireamh sa rialáil níos fearr agus san féachaint chuige go seasfaidh an reachtaíocht an aimsir, tabharfar na huirlisí is gá don Choimisiún chun dul i ngleic le haon éiginnteacht a bheidh ann amach anseo.

### 4.2 Dlí an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú

A luaithe a bheidh an tAontas tagtha ar chomhaontú maidir leis na tionscnaimh atá beartaithe, tá sé ríthábhachtach go gcuirfear chun feidhme ina n-iomláine iad agus in am trátha chun an t-athrú ar an leibhéal áitiúil atá geallta againn a fheiceáil. Sa **Teachtaireacht maidir le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais** a cuireadh i láthair an tseachtain seo caite, leagtar amach an chaoi a ndearna an Coimisiún a chuid oibre maidir le forfheidhmiú a dhoimhniú agus a fhorbairt, agus comhcheanglaítear iarrachtaí leis na Ballstáit, le húdaráis speisialaithe agus le páirtithe leasmhara eile. Trí rialacha an Aontais a chur i bhfeidhm go hiomlán agus go comhsheasmhach, cuirtear feabhas ar dheimhneacht dhlíthiúil agus ar an muinín atá ag daoine agus gnólachtaí as institiúidí náisiúnta agus as an Aontas i gcoitinne, go háirithe maidir lenár gcomhluachanna, ár gcearta bunúsacha, an smacht reachta, ceithre shaoirse bhunúsacha an Aontais, agus feidhmiú an mhargaidh aonair. Le forfheidhmiú cuí rialacha an Aontais, baintear an tairbhe is mó is féidir as beartais an Aontais do ghnáthshaol na ndaoine, is cuma cá bhfuil cónaí orthu san Aontas. Leanfaidh an Coimisiún de bheith i dteagmháil leis na Ballstáit chun tacú leo dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i gceart, chun aon fhadhb a réiteach go tapa nuair a tharlaíonn sí agus chun **gníomhú go cinntitheach maidir le sáruithe** a chuireann bac ar chur chun feidhme chuspóirí tábhachtacha bheartais an Aontais, nó a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de luachanna agus de shaoirsí bunúsacha an Aontais.

## 5. <u>Conclúid</u>

Ó thús an tsainordaithe reatha, tá sé curtha in iúl ag an Aontas Eorpach go bhfuil sé in ann beart a dhéanamh ar son na saoránach maidir leis na nithe is mó tábhacht. D'fhreagair sé i dteannta a chéile agus aghaidh á tabhairt aige ar ghéarchéimeanna uathúla, agus chuir sé borradh faoin gclaochlú radacach a bhí tosaithe aige cheana féin. Caithfidh an méid sin a bheith ina phríomhspreagadh don obair a dhéanfaimid sa bhliain amach romhainn.

Liostaítear ár bpríomhghníomhaíochtaí don bhliain seo chugainn sna hiarscríbhinní a ghabhann leis an Teachtaireacht seo. Cuimsíonn siad liosta de thograí tosaíochta atá ar feitheamh agus leanfaimid den idirphlé le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle ar bhonn na dtograí sin, agus é ina aidhm againn teacht ar chomhaontú faoin Dearbhú Comhpháirteach maidir le tosaíochtaí reachtacha faoi dheireadh na bliana seo.

I dteannta a chéile, múnlóimid Aontas a bheidh in ann a láidreachtaí a chur le chéile chun dul i ngleic leis na dúshláin is mó, ón athrú aeráide agus cailliúint an dúlra go dtí paindéimí agus an tslándáil réigiúnach. Aontas bríomhar a sheasann lena luachanna agus leis an smacht reachta. Aontas rathúil atá bunaithe ar gheilleagar láidir, ar dhlúthpháirtíocht i measc na nglún, ar mhargadh aonair uathúil agus ar chosaintí sóisialta nach bhfacthas a leithéid riamh

roimhe seo a chur ar fáil. Aontas neamhroinnte a bhfuil guth láidir aige ar an leibhéal domhanda agus a ghníomhaíonn mar cheannaire domhanda chun dul i ngleic leis na dúshláin atá romhainn ó ghlúin go glúin.